2026/2392

26.10.2026

CINNEADH (CBES) 2026/2392 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA

an 14 Deireadh Fómhair 2026

lena gcuirtear síneadh le sainordú an Chinn Misin ar Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/2/2026)

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38, an tríú mír, de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2017/1869 ón gComhairle an 16 Deireadh Fómhair 2017 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ([1]), agus go háirithe Airteagal 9(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun Airteagal 9(1) de Chinneadh (CBES) 2017/1869, údaraítear don Choiste Polaitiúil agus Slándála, i gcomhréir le hAirteagal 38, an tríú mír, den Chonradh, na cinntí ábhartha a dhéanamh chun rialú polaitiúil agus treoir straitéiseach Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) a fheidhmiú, lena n-áirítear an cinneadh Ceann Misin a cheapadh, ar thogra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála ('an tArdionadaí').

(2) An 8 Iúil 2025, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2025/1394 ([2]), lena gceaptar Ralf SCHRÖDER ina Cheann Misin ar EUAM Iraq ón 16 Lúnasa 2025 go dtí an 30 Aibreán 2026.

(3) An 21 Aibreán 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/902 ([3]), lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Iraq ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(4) An 21 Aibreán 2026, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2026/925 ([4]), lena gcuirtear síneadh le sainordú Ralf SCHRÖDER mar Cheann Misin ar EUAM Iraq ón 1 Bealtaine 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2026.

(5) An 16 Meán Fómhair 2026, mhol an tArdionadaí go gcuirfí síneadh le sainordú Ralf SCHRÖDER mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 1 Samhain 2026 go dtí an 15 Lúnasa 2027, faoi réir cinneadh a bheith glactha ag an gComhairle lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Iraq tar éis an 31 Deireadh Fómhair 2026.

([1]) IO L 266, 17.10.2017, lch. 12, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2017/1869/oj.
([2]) Cinneadh (CBES) 2025/1394 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 8 Iúil 2025 maidir le Ceann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh a cheapadh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/2/2025) (IO L, 2025/1394, 10.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/1394/oj).
([3]) Cinneadh (CBES) 2026/902 ón gComhairle an 21 Aibreán 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L, 2026/902, 22.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/902/oj).
([4]) Cinneadh (CBES) 2026/925 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 21 Aibreán 2026 lena gcuirtear síneadh le sainordú Cheann Misin Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (EUAM Iraq/1/2026) (IO L, 2026/925, 27.4.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/925/oj).

(6) An 12 Deireadh Fómhair 2026, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2026/2285 ([5]) , lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 agus lena gcuirtear síneadh le sainordú EUAM Iraq ón 1 Samhain 2026 go dtí an 31 Deireadh Fómhair 2028.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, síneadh a chur le sainordú Ralf SCHRÖDER mar Cheann Misin EUAM Iraq ón 1 Samhain 2026 go dtí an 15 Lúnasa 2027,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear síneadh le sainordú Ralf SCHRÖDER mar Cheann Misin ar Mhisean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) ón 1 Samhain 2026 go dtí an 15 Lúnasa 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála

An Cathaoirleach

L. MANDEL VENSILD

([5]) Cinneadh (CBES) 2026/2285 ón gComhairle an 12 Deireadh Fómhair 2026 lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2017/1869 maidir le Misean Comhairleach an Aontais Eorpaigh chun tacú le hAthchóiriú na hEarnála Slándála san Iaráic (EUAM Iraq) (IO L, 2026/2285, 13.10.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2285/oj).